Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**14047/20**

**AGRI 476**
**VETER 60**
**DENLEG 87**
**FOOD 28**
**CONSOM 219**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13691/20 |
| Ábhar: | Dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le lipéad uile-Aontais leasa ainmhithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo téacs na gConclúidí ón gComhairle maidir le lipéad uile-Aontais leasa ainmhithe, mar a d'fhormheas an Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh iad an 15 Nollaig 2020.

**IARSCRÍBHINN**

**Dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le lipéad uile-Aontais leasa ainmhithe**

DE BHARR AN MHÉID SEO A LEANAS:

(1) Tá tábhacht ar leith ag gabháil le saincheist an leasa ainmhithe i meon shaoránaigh na hEorpa agus tá sin léirithe i ndlí an Aontais, go háirithe in Airteagal 13 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (AE).

(2) In 2007 d'aithin an Chomhairle sna conclúidí uaithi tar éis na comhdhála 'Leas ainmhithe – Cúrsaí a fheabhsú trí bhíthin lipéadú?'[1] go mb'fhéidir gur mhór ag tomhaltóirí faisnéis faoi choinníollacha leasa ainmhithe a bheith ar fáil faoina bhfaightear táirgí de bhunadh ainmhíoch rud a chuirfeadh ar a gcumas tacú le caighdeáin leasa ainmhithe níos fearr trína gcinntí ceannacháin. Cuireadh i dtreis a thuilleadh leis go bhféadfaidh táirgeoirí an deis a bhaineann le hardchaighdeáin leasa ainmhithe le lipéadú leasa ainmhithe a thapú agus iarrann sé ar an gCoimisiún tuarascáil ar an ábhar a thíolacadh. Le lipéadú leasa ainmhithe bunaithe ar eolas eolaíoch fónta agus a ndearnadh measúnú air ar bhonn ceanglais chomhchuibhithe, bhíothas ar aon fhocal leis an gComhairle i dtuarascáil ón gCoimisiún[2] go gcuirfí ar chumas na dtomhaltóirí cinntí eolasacha ceannacháin a dhéanamh agus go bhféadfaidh táirgeoirí leas a bhaint as deiseanna atá ann sa mhargadh.

(3) In 2012, d'fhógair an Coimisiún sa *Communication on the European Union Strategy for the Protection and Welfare of Animals 2012-2015* [Teachtaireacht uaidh maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh do Chosaint agus Leas Ainmhithe 2012-2015][3] uaidh go ndéanfadh sé machnamh ar chreat nua an Aontais chun trédhearcacht agus leordhóthanacht na faisnéise a fhaigheann tomhaltóirí faoi leas ainmhithe a mhéadú a mhéid a bhaineann lena rogha cheannacháin. I ndáil leis sin, díríodh go sonrach ar chaighdeáin leasa ainmhithe a luacháil mar bhealach chun iomaíochas thionscal bia an Aontais a fheabhsú.

---

1 9151/07
2 15307/09
3 https://ec.europa.eu/food/sites/food/files/animals/docs/aw_eu_strategy_19012012_en.pdf

(4) Léiríodh i suirbhé Eorabharaiméadair in 2015[4] gur mheas 82 % de mhuintir na hEorpa gur cheart cosaint níos fearr a thabhairt do leas ainmhithe feirmshaothraithe agus gur lorg 52 % díobh sin lipéad leasa ainmhithe agus táirgí á gceannach acu. De réir Eorabharaiméadair, in 2018[5], ó thaobh thuairim an phobail, tá an bhéim á díriú níos mó ar, *inter alia*, leas ainmhithe seachas ar an soláthar bia a áirithiú.

(5) Sna conclúidí uaithi maidir le 'Leas ainmhithe - cuid dhílis de tháirgeadh inbhuanaithe ainmhithe' a formheasadh ag deireadh 2019[6], d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le creat rialála de chuid an Aontais a mbeadh critéir leasa ainmhithe ag gabháil leis, ag tarraingt ar an taithí náisiúnta, agus measúnú a dhéanamh freisin ar an tionchar a bheadh ag an gcreat sin.

(6) Iarradh sa Chomhairle go luath in 2020 go ndéanfaí tuilleadh gníomhaíochta a mhéid a bhaineann le lipéadú leasa ainmhithe, agus chuir roinnt Ballstát chun suntais gur gá go mbeadh creat maidir le lipéad uile-Aontais leasa ainmhithe do bhia a táirgeadh de réir caighdeáin leasa ainmhithe a sháraíonn na híoscheanglais dhlíthiúla[7].

(7) Sa straitéis uaidh 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' le haghaidh córas bia cóir, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaoil a glacadh an 20 Bealtaine 2020, d'fhógair an Coimisiún go ndéanfadh sé a mhachnamh ar roghanna maidir le lipéadú leasa ainmhithe chun luach a tharchur tríd an mbiashlabhra ar bhealach níos fearr. Sna conclúidí uaithi maidir leis an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' a formheasadh an 19 Deireadh Fómhair 2020[8], d'iarr an Chomhairle an athuair ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag creat rialála de chuid an Aontais lena ngabhann critéir do scéim lipéadúcháin leasa ainmhithe.

(8) Ag an gcruinniú a bhí ag Ardán an Aontais Eorpaigh maidir le Leas Ainmhithe an 15 Meitheamh 2020, d'fhógair an Coimisiún go gcruthófaí foghrúpa a bheidh tiomnaithe do lipéadú leasa ainmhithe. Bhí a chéad chruinniú ag an bhfoghrúpa an 27 Deireadh Fómhair 2020.

---

4 https://data.europa.eu/euodp/en/data/dataset/S2096_84_4_442_ENG
5 https://data.europa.eu/euodp/en/data/dataset/S2161_88_4_473_ENG
6 14975/19
7 Seisiún na Comhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 27 Eanáir 2020 (5556/20)
8 12099/20

**Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:**

(1) **TARRAINGÍONN SÍ AIRD** ar phointe 9 sna conclúidí uaithi maidir leis an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' ina gcuirtear i bhfios go láidir go bhfuil sláinte agus leas ainmhithe ina réamhchoinníoll chun beostoc a tháirgeadh ar bhealach inbhuanaithe;

(2) **MEABHRAÍTEAR DI** na ceanglais dhlíthiúla is infheidhme san Aontas maidir le leas ainmhithe, ar ceanglais iad atá ard cheana féin, agus **MEASANN SÍ** go bhfuil sé tábhachtach go gcuirfí ar chumas na dtomhaltóirí bia a tháirgtear de réir na gceanglas sin a aithint;

(3) **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** an plé leanúnach san Aontas agus ina Bhallstáit maidir le leas ainmhithe a fheabhsú a thuilleadh agus **CUIREANN SÍ i dTREIS** gur gá freagairt ar éileamh na dtomhaltóirí maidir le leas ainmhithe feirmshaothraithe;

(4) **TARRAINGÍONN SÍ AIRD** ar na tionscnaimh atá ann cheana sna Ballstáit, go háirithe i ndáil leis na lipéid leasa ainmhithe dheonacha atá curtha ar bun go rathúil cheana féin i gcuid de na Ballstáit sin;

(5) **IS DÍOL SÁSAIMH DI** an fógra ón gCoimisiún ina theachtaireacht maidir leis an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', go ndéanfaidh sé a mhachnamh ar roghanna maidir le lipéadú leasa ainmhithe chun luach a tharchur tríd an mbiashlabhra ar bhealach níos fearr;

(6) **CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR** gur cheart é a bheith mar chuspóir foriomlán le lipéad uile-Aontais leasa ainmhithe feabhas a chur ar leas ainmhithe don oiread bia-ainmhí is féidir;

(7) **MEABHRAÍTEAR DI** na Conclúidí uaithi maidir leis an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', inar iarr sí ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar thionchar chreat rialála de chuid an Aontais lena ngabhann critéir do scéim lipéadúcháin leasa ainmhithe, a rannchuideodh le leas ainmhithe feabhsaithe, le trédhearcacht níos fearr sa mhargadh, le rogha níos fearr do thomhaltóirí agus le cúiteamh níos córa ar bheostoc faoi leibhéil leasa ainmhithe níos airde chomh maith le cothrom na Féinne, tharraing sí aird air gur cheart taithí náisiúnta a chur san áireamh agus an t-ualach breise riaracháin a laghdú a mhéid is féidir;

(8) **IS DÍOL SÁSAIMH DI**, sa chomhthéacs sin, bunú foghrúpa maidir le "Lipéadú Leasa Ainmhithe" laistigh de chreat Ardán an Aontais maidir le Leas Ainmhithe, a bhfuil sé de chúram air scéimeanna deimhniúcháin ag a bhfuil tréithe leasa ainmhithe atá ann cheana a shainaithint agus a anailísiú agus measúnú a dhéanamh ar a mhéid a rannchuidíonn siad le leas ainmhithe, agus **IS DÍOL SÁSAIMH DI** go seolfaidh an Coimisiún staidéar seachtrach ar lipéadú leasa ainmhithe go luath in 2021;

(9) **TÁ SÍ DEN TUAIRIM** go bhféadfadh lipéad uile-Aontais leasa ainmhithe le haghaidh bia a tháirgtear faoi chaighdeáin leasa ainmhithe ar airde iad ná na caighdeáin a chuirtear ar fáil le reachtaíocht an Aontais freagairt ar an éileamh ó thomhaltóirí bia den sórt sin a aithint go héasca;

(10) **CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR** gur cheart, ionas go bhfeabhsófaí leas ainmhithe san Aontas a thuilleadh, aitheantas ar an margadh agus luach saothair níos fearr d'iarrachtaí breise na dtáirgeoirí, go háirithe na feirmeoirí, a bheith mar thoradh ar an lipéad sin a bheith ann;

(11) **CUIREANN SÍ i dTREIS** an tábhacht atá le faisnéis do thomhaltóirí agus feachtais oideachais maidir le leas ainmhithe agus caighdeáin ghaolmhara an Aontais, go háirithe nuair a thabharfar isteach an lipéad comhchuibhithe uile-Aontais maidir le leas ainmhithe;

(12) **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún na gnéithe seo a leanas a bhreithniú sula dtíolacfaidh sé an togra comhfhreagrach:

(a) scéim lipéadúcháin thrédhearcach chisealta a fhorbairt lena dtabharfaí dreasachtaí leordhóthanacha do tháirgeoirí feabhas a chur ar leas ainmhithe;

(b) critéir uile-Aontais a fhorbairt atá comhchuibhithe, ábhartha, intomhaiste agus infhíoraithe, ar critéir iad:

- a bhfuil níos mó i gceist leo ná ceanglais dhlíthiúla an Aontais atá ann faoi láthair maidir le leas ainmhithe,
- lena gcuirtear san áireamh sonraíochtaí geografacha agus aeráide na mBallstát agus lena n-áirítear critéir is féidir leis na Ballstáit go léir a bhaint amach, agus
- ar critéir iad nár mhór a chomhlíonadh ar a laghad, le bheith in ann úsáid a bhaint as lipéad leasa ainmhithe an Aontais agus as na téarmaí cosanta;

(c) níor cheart na Ballstáit sin a bhfuil reachtaíocht maidir le leas ainmhithe i bhfeidhm acu atá níos déine ná ceanglais dhlíthiúla reatha an Aontais a chur faoi mhíbhuntáiste de bharr an lipéid sin;

(d) gach speiceas beostoic a chuimsiú de réir a chéile, a saolré iomlán á chumhdach, lena n-áirítear iompar agus marú, agus aird chuí á tabhairt ar na dálaí maireachtála go léir atá acu; ba cheart tús áite a thabhairt do speicis a bhfuil ceanglais dhlíthiúla an Aontais maidir le leas ainmhithe socraithe ina leith cheana féin;

(e) lógó caighdeánaithe de chuid an Aontais a chruthú agus téarmaí cosanta sothuigthe a chinneadh;

(f) na forálacha maidir le leas ainmhithe a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/848 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha[9] agus i Rialachán (AE) 1308/2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta[10] agus maidir lena gcomhtháthú leordhóthanach i lipéad leasa ainmhithe uile-Aontais, i gcás inarb ábhartha;

(g) an t-idirghníomhú idir na lipéid leasa ainmhithe náisiúnta agus uile-Aontais atá ann cheana;

(h) an t-ualach riaracháin a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an lipéad leasa ainmhithe uile-Aontais.

---

[9] Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1–92)

[10] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671–854)